



Réamhrá

le

Dr. Éamon Ó Ciosáin

Léiríodh *Breithiúnas* den chéad uair in Amharclann na Péacóige i mBaile Átha Cliath i 1968. Polaiteoir an príomhphearsa sa dráma, fear a chuaigh chun cinn ó aimsir Chogadh na Saoirse. Ábhar tráthúil a bhí ann ar chúpla bealach. Glacadh leis gur laochra a bhí i dtrodairí Chogadh na Saoirse (1919-21); bhí cuid díobh fós gníomhach sa pholaitíocht sna 1960idí. Ach nuair a tharla ceiliúradh i 1966 ar 50 bliain Éirí Amach na Cásca (1916), thosaigh dornán daoine sa deisceart ag ceistiú an fheachtais a bhunaigh stát na hÉireann. Chomh maith leis sin bhí córas eacnamaíochta na hÉireann á oscailt do chomhlachtaí eachtrannacha. Ní raibh an bhéim chéanna níos mó ar neamhspleáchas eacnamaíoch na tíre.

Ach is dócha go raibh cúiseanna eile ar aigne ag Máiréad Ní Ghráda. Bhí taithí aici ar an bpolaitíocht aitiúil mar ba chomhairleoir contae agus náisiúntóir a hathair féin, Séamus Ó Gráda as Contae an Chláir. Bhí aithne aici ar go leor daoine a bhí páirteach sa ghluaiseacht náisiúnach, mar a bhí sí féin, sna blianta idir 1916 agus 1923. D'fhoilsigh sí cnuasach gearrscéalta faoin tréimhse sin (*An Bheirt Deartháir*, 1939). D'oibrigh sí sa pholaitíocht ar feadh tamall gearr ach d'éirigh sí as. Chomh maith leis sin bhí tuairimí láidre aici faoi shaol na hÉireann agus faoin áit a bhí ag mná sa chomhluadar. Bhí sí tar éis léirmheas láidir a dhéanamh ar stádas na mban i ndráma fada eile, *An Triail* (1964). D'úsáid sí foirm an cheistiúcháin cúirte mar ghléas amharclannaíochta agus tagraíonn na teidil *An Triail* agus *Breithiúnas* don dlí. Tá taithí againn sa lá atá inniu ann ar dhrámaí teilifíse lonnaithe sa chúirt.

Is é an stíl drámaíochta a chleacht Máiréad Ní Ghráda sna drámaí fada ná scéal na bpearsana a bhriseadh suas ina mhíreanna, mar a dhéanann an teilifís go minic. Tarlaíonn radharcanna in áiteanna éagsúla le gur féidir réimse leathan de shaol an duine agus den sochaí a chur ar an stáitse. Mar thoradh air seo taispeánann an pearsa tréithe éagsúla de réir an tsuíomh ina bhfuil sé/sí. Is féidir linn go leor tréithe a fheiceáil i bpríomhphearsa *Breithiúnas*, an polaiteoir Marcas de Grás, sna radharcanna éagsúla. Ach ní drámaíocht

réadúil atá anseo: tá Marcas marbh ó thús an dráma agus é mar bheadh spiorad ag féachaint siar ar a shaol.

D'éirigh le Marcas de Grás sa pholaitíocht trí úsáid a bhaint as go leor cleasanna agus go leor daoine. Thréig sé bean eile a bhí i ngrá agus geallta leis agus phós sé bean ó theaghlach polaitíochta. Tháinig Marcas i dtír ar dhílseacht agus ar obair a rúnaí Síle, a chúntóir Alabhaois agus a lucht leanúna. Duine sotalach, uaibhreach atá ann sa chéad ghníomh. Ach de réir mar a nochtar tuilleadh rúin ina shaol sa dara gníomh, athraíonn sé. Léirítear dó an dochar a rinne sé timpeall air ar feadh a shaoil. Nochtar an bhréag a raibh a shaol polaitiúil ar fad bunaithe air ag deireadh an dráma, eachtra ón gcogadh. Faigheann sé faoiseamh agus tá dóchas aige go maithfear dó.

Pearsa tábhachtach é Alabhaois mar ba é a chuir Marcas ar bhóthar na polaitíochta. Duine soiniúil é, mar a léirítear sa radharc ina léann sé litreacha ó dhaoine ag lorg cúnamh ó Mharcas. Is trí Alabhaois a léirítear fimíneacht na polaitíochta. Duine idéalach í Síle, a chaith a saol ar son Mharcas gan súil le buíochas. Fágtair í ina haonar, neamhphósta sa deireadh. Ach is ina theaghlach féin is mó a léirítear an dochar a rinne an saghas saoil a chaith sé. Ní furasta maireachtáil le Fear Mór. Níor phós iníon Mharcas, Nóra, mar gheall ar an chumhacht a bhí ag a hathair uirthi. Tuigeann a bhean chéile Eilís bréagadóireacht Mharcas, ach ligeann sí uirthi go deireadh nach bhfeiceann sí é. Deir sí gurb é 'buaic na clisteachta do bhean gan a ligean uirthi go bhfuil sí cliste in aon chor'. Ráiteas é seo a thugann le fios go bhfuil mná faoi smacht agus ar bheagán cumhachta. Maidir le beirt mhac Mharcas, téann Seán le dúchas a athar agus iompaíonn Gearóid ina choinne. Is ag freastal ar dhaoine mar dhea a bhí Marcas agus é ag bailiú vótaí. Ach chuaigh Gearóid chun na hAfraice le freastal ar dhaoine i ndáiríre trí obair mhisinéireachta.

Tá go leor pearsana eile sa dráma: úsáideann Máiréad Ní Ghráda mná gan ainm le tráchttaireacht a dhéanamh ar théamaí an dráma. Tá 'An Fear Eile', *alter ego* Mharcas, b'fhéidir, mar a bheadh fear faoistine nó teiripe, ag tarraingt na fírinne as Marcas tríd síos. D'fhéadfaí a rá gur teachtaireachtaí sách duairc atá ag an dráma: go maireann an dochar a dhéanann daoine ina ndiaidh agus go ndeachaigh leithéidí Mharcas chun cinn ar chostas na mban go háirithe. Ach sa deireadh fágann Máiréad Ní Ghráda faoin lucht féachana breithiúnas a thabhairt ar an bhfianaise atá curtha os a gcomhair.



Introduction

by
Dr. Éamon Ó Ciosáin

Breithiúnas was first staged in the Peacock Theatre, Dublin, in 1968. The central character is a bogus War of Independence hero who has risen through political life on the basis of his freedom-fighter past. He has prospered at the expense of his family and particularly the women around him. The play's background is one of grubby local politics, jobbery and half-truths cynically spun in political speeches, resulting in a trenchant critique of Irish society in general on the part of the author. The immediate context for Ní Ghráda's choice of theme may well have been the questioning in the 1960s of the struggle for independence and the abandonment by the Dublin government of economic nationalism. However, she probably had more specific sources of inspiration for the play, although she did not leave any statement of them on record.

Ní Ghráda had first hand knowledge of local politics in her native Clare as her father James, a nationalist, had been a county councillor. She also had experience of national politics through her involvement in the Gaelic League and Cumann na mBan in the 1919-21 troubles. She then worked as secretary to the politician Ernest Blythe, a position she left after a short period. Indeed, the topics of the Civil War and the position of women in Irish society appear elsewhere in her literary works. Her most well-known work, the tragedy *An Triail*, (1964) presents the case of a single mother and like *Breithiúnas*, refers to the legal process through its title. Questioning of characters occurs in a court-like scenario. Both plays take a sharply critical look at behaviour and conventions in Irish society; both also present universal themes.

Short, fast-moving scenes rather like television drama characterise Ní Ghráda's dramatic style. It is non-realistic in *Breithiúnas* in that the central character is dead before the play begins. He either observes the living or relives scenes from his life, in a thematic sequence rather than from beginning to end. The departure from constraints of time and space allows the author to develop more characteristics of the central character and to sketch a broad

social canvas. Once removed by death from exercising his power over those around him, he is forced to confront his half-truths and untruths and ultimately his own truth.

Marcas de Grás rose in politics thanks to his personal legend, which his sidekick, Alabhaois, a former fighting comrade grown cynical after years of politicking, promotes. He uses people and openly despises them (see the final speech of Gníomh 1). As the scenes unfold, his pride and ambition gradually yield and he begins to see the damage he has done around him throughout his career. After his various betrayals and political strokes are presented, the play ends with an expression of hope for rest from his vain striving, if not forgiveness for his deeds. Doubt remains however about the cause of his death from the gunshot which opens the play.

As Shakespeare wrote in *Julius Caesar*, 'the evil that men do lives after them'. This is expressed in Irish in the play and is particularly evident regarding the women in Marcas' life. He jilted his first love in order to marry Eilís, partly if not mainly for her political connections. She sees through his ambition but supports him, even as he cavorts with the nurse who cares for her in her final illness. Marcas' daughter Nóra and his secretary Síle both remain unmarried as a result of his power over them. Both idealise him and contribute selflessly to his career, leading to sarcasm and misunderstanding on the part of others. The two sons provide a contrast: Seán, the son Marcas shaped in his image, the hard-nosed businessman who plans ahead as soon as he reads Marcas' will and Gearóid, who refused to serve Marcas' overbearing ambition. Whereas Marcas 'served' people in order to garner votes, Gearóid emigrates to work as a lay missionary in Africa, serving people in a different and altruistic way.

While Alabhaois could be said to be Marcas' cynical shadow, another shadow character, An Fear Eile, functions like a confessor or therapist, prodding and probing Marcas as he confronts the sum of his life's deeds. Ní Ghráda uses other anonymous characters to provide commentary on the characters and the themes of the play. Flashbacks, retorts, dialogues of the deaf (as in Marcas' inability to speak to the living) and other dramatic devices are used. Irony and the revelation of contradictions between the private and public spheres are widespread in the play; they highlight the themes of hypocrisy, dishonesty in politics, the exploitation of women and the misuse of power. Marcas seeks peace at the end, or perhaps still the chancer, hopes for a final reprieve. Having presented the evidence, Máiréad Ní Ghráda leaves it to the audience to judge.

Leabharliosta agus Foinsí / Bibliography and sources

Ní Bhrádaigh, Siobhán, *Máiréad Ní Ghráda Ceannródaí Drámaíochta*, Cló IarChonnachta, 1996.

Ní Ghráda, Máiréad, *An Triail*, An Gúm, 1995.

Ó Siadhail, Pádraig, *Stair Dhrámaíocht na Gaeilge 1900-1970*, Cló IarChonnachta, 1993.

Beathaisnéis / Biography:

Dictionary of Irish Biography, 2009 (ar fáil ar líne i leabharlanna agus i bhfoirm leabhar / available online in libraries and in book form).

Próifíl scríbhneora / Writer profile:

<http://www.clarelibrary.ie/eolas/coclare/people/nighrada.htm>



Nótaí Staidéir ar
BREITHIÚNAS
MAIREÁD NÍ GHRÁDA

**Scríofa ag
Séamas Mac Annaidh**

Tugann na nótaí thíos treoir agus intreoir don dráma, do na téamaí agus do na carachtair atá ann. Chomh maith leis sin cuirtear ceisteanna síos tríd gur féidir leis na mic léinn a fhreagairt iad féin nó is féidir iad a úsáid chun diospóireacht agus caibidlíocht a spreagadh ina measc sa rang. Ní hionann sin is a rá go bhfuil na freagraí uile sna nótaí seo ach tá sé mar aidhm ag na nótaí seo na mic léinn a spreagadh leis an téacs a léamh go cúramach agus tuiscint níos fearr a thabhairt dóibh ar *Breithiúnas* mar dhráma.

***Breithiúnas* - An dráma:**

Ná déan dearmad gur dráma atá anseo. Scríobhadh é don amharclann agus bíodh gur féidir linn an téacs a léamh ní mór dúinn é a fheiceáil mar dhráma chun sult agus brí iomlán a bhaint as. Mar sin de ba chóir do mhic léinn radharcanna as an dráma a léiriú iad féin, nó ar a laghad iad a léamh amach os ard.

Cad é an difear idir dráma agus saghasanna eile litríochta?

An bhféadfaí cás Mharcais de Grás a iniúchadh ar an dóigh chéanna in úrscéal nó i ngearrscéal, cuir i gcás?

Cén fáth gur roghnaigh Máiread Ní Ghráda an dráma mar mheán an iarraidh seo? An scéal an-drámatúil é?

An *Triail* an t-ainm a bhí ar an dráma a scríobh sí roimh *Breithiúnas*. An dóigh leat gur féidir linn amharc ar *Breithiúnas* mar thriail de shaghas éigin? An féidir leat an scéal seo a shamhlú mar dhráma cúirte ina scairtear ar fhinnéithe éagsúla chun teacht os comhair na cúirte chun fianaise a thabhairt mar gheall ar an fhear seo a raibh aithne acu air?

Ná déan dearmad gur rud poiblí é dráma. Is minic gur mian le drámadóir ceisteanna a ardú in intinn an lucht féachana. Is rud príobháideach é leabhar.

Má tá suim fá leith agat i gcúrsaí drámaíochta b'fhiú duit roinnt léitheoireachta a dhéanamh mar gheall ar Thomás Mac Anna¹, léiritheoir cáiliúil a d'oibrigh le Máiréad Ní Ghráda ar *An Triail* agus *Breithiúnas*. Bhí baint mhór aige le hamharclann náisiúnta na hÉireann, Amharclann na Mainistreach i mBaile Átha Cliath agus bhí sé go mór faoi thionchar Berthold Brecht², an drámadóir Gearmánach.

Breithiúnas – An teideal:

Cad é is ciall don fhocal seo? An bhfuil níos mó ná ciall amháin leis i gcomhthéacs an dráma seo?

Cad é an tábhacht atá ag an teideal seo maidir leis an phríomhcharachtar? Le struchtúr an dráma? Leis an lucht éisteachta?

An bhfuil an t-údar ag iarraidh orainn, mar lucht féachana, breithiúnas a thabhairt?

Má tá, cé atá 'os comhair na cúirte'?

Nó an gcaithfidh Marcas de Grás é féin breithiúnas a thabhairt i ndeireadh na dála?

Más é Marcas de Grás atá faoi thriail anseo, cad é atá curtha ina leith?

Cén sórt fianaise a thugtar? An bhfuil sé cothrom agus cóir nó an amhlaidh go bhfuil gnéithe áirithe atá chomh tromchúiseach sin nach féidir le héinne cur ina gcoinne?

Má lorgann an dráma seo breithiúnas, cén sórt trialach é? Scrúdú coinsiasa duine?

Diancheistiú (smaoinigh ar an dá chathaoir agus an tábla ar ardán atá folamh)? Triail ag na meáin chumarsáide? Ag an phobal, ag madraí an bhaile?

Nó an amhlaidh go bhfuil an dráma seo é féin ag tabhairt breithiúnais ar shoचाí na hÉireann mar a bhí sna 1960idí?

An t-údar:

Tugann Éamon Ó Ciosáin sonraí úsáideacha beathaisnéise dúinn san introir a scríobh sé do na nótaí seo. Is iomaí bua a bhí ag Máiréad Ní Ghráda, gan a lua gurbh ise an chéad bhandrámadóir suntasach sa Ghaeilge. An bhfuil tábhacht fá leith le peirspeictíocht na mban sa dráma seo? Tá roinnt bancharachtar suntasach sa dráma seo. Cé hiad is tábhachtaí, dar leat? An fíor a rá go dtagann ceisteanna agus ábhair chun tosaigh sa dráma a mbeadh suim fá leith ag mná iontu? Más fíor, cad iad? An ndéantar na hábhair sin a phlé go fóill sa lá atá inniu ann?

Is fiú cuimhneamh gur mhair Máiréad Ní Ghráda tríd an tréimhse seo ar fad ina bhfuil an dráma seo suite agus bhí aithne aici ar dhaoine a raibh tábhacht leo ó thaobh na polaitíochta, na staire agus an chultúir de. Ó tharla go raibh baint aici le cúrsaí oideachais, cúrsaí amharclainne, agus gur oibrigh sí sna meáin chumarsáide agus in earnáil na polaitíochta sa tréimhse seo, bhí tuiscint mhaith aici ar a raibh ar siúl. Ar thug sí aon chuid den taithí seo chun cuimhne agus an dráma seo a scríobh aici, dar leat?

Comhthéacs stairiúil agus comhaimseartha an dráma:

Léiríodh an dráma seo don chéad uair i mí Feabhra 1968 agus is cosúil gur scríobhadh é tamall gearid roimhe sin. Ba é an dráma fada deireanach é a scríobh sí. Léiríodh *An Triail* an dráma is mó iomrá dá cuid i 1964. Ní amháin go raibh sí ar bharr a maitheasa mar

¹ <http://www.irishplayography.com/search/person.asp?PersonID=4814>

² http://en.wikipedia.org/wiki/Bertolt_Brecht

dhrámadóir sna 1960idí ach bhí deiseanna a léirithe ar fáil aici an t-am sin chomh maith. Is beag an deis a bhíodh ag drámadóir roimhe sin dráma fada i nGaeilge a léiriú go gairmiúil. Sa bhliain 1966 rinneadh céiliúradh mór ar Éirí Amach na Cásca 1916 ar fud na tíre. Ach bhí níos mó i gceist ná ceiliúradh. Thapaigh daoine an deis chun amharc siar ar an mhéid a baineadh amach ó bhunú an stáit, na tionscnaimh ar éirigh leo agus na geallúintí nár comhlíonadh. Bhí deireadh ré ann chomh maith nó bhí deireadh ag teacht leis an ghlúin pholaiteoirí agus cheannairí stáit a raibh baint dhíreach acu leis an Éirí Amach agus/nó le Cogadh na Saoirse. Agus cé a bhí ag teacht ina n-áit?

Chomh maith leis sin bhí athruithe móra ag tarlú, ní amháin in Éirinn agus i dtíortha eile chomh maith. Bhí athruithe móra ann ó thaobh na polaitíochta, na heacnamaíochta agus i gcúrsaí sóisialta. Ré na teilifíse agus an phopcheoil a bhí ann. Tugtar na *swinging sixties* ar an tréimhse seo. An bhfuil tionchar na hÉireann nua seo le feiceáil áit ar bith sa dráma seo?

An tréimhse ina bhfuil an dráma seo suite:

Tagraíonn an dráma seo don tréimhse ar fad ó bhunú an stáit síos go dtí an t-am sin féin. An ardaíonn an dráma seo ceisteanna deacra mar gheall ar laochra na tíre? An amhlaidh nach raibh bunús ar bith le cuid acu? An amhlaidh gur ghlac daoine bréige áit na laochra? Cad é an ról a d'imir na haicmí a bhíonn i gceannais? Cérbh iad seo in Éirinn sna 1960idí. An bhfuil na dreamanna céanna i réim inniu?

Struchtúr:

Dráma fada le dhá mhír atá anseo.

An bhfuil fáth ar bith, dar leat, gur chinn an t-údar ar an ábhar a chur os ár gcomhair ina dhá leath? Cén fáth nach mbíodh trí ghníomh aici, abair?

An bhfuil comhchruthaíocht nó cóimheá idir an dá leath? Nó íomhá scátháin?

Tosaíonn an dráma le bás amháin agus críochnaíonn sé le bás eile. Déanann an bás miotas a chruthú sa dá chás ach nuair a fheiceann muid bás An Cheannaire ag deireadh an dráma, an eachtra a chur tús le miotas Mharcais de Ghrás, déanann sé an miotas sin a scriosadh an iarraidh seo.

Tá tús thar a bheith drámatúil ag an dráma seo. Tosaíonn sé le urchar gunna agus leis an cheist 'an bhfuil sé marbh?' Díritear ár n-aird ar an eachtra láithreach bun. Ní gá don drámadóir a thuilleadh a dhéanamh le muidne a mhealladh isteach nó leis an íomhá a chruthú. Cheana féin tá an lucht féachana agus na haisteoirí araon ag cur ceisteanna.

Tugtar freagraí síos tríd an dráma, ach fágtar na cinn is tábhachtaí go dtí an deireadh.

Ach an bhfágtar roinnt ceisteanna in intinn an lucht féachana ina dhiaidh sin ar fad?

An fíor a rá gur eolas diúltach is mó a thugtar dúinn mar gheall ar Mharcas de Grás sa chéad mhír ach go ndéantar an íomhá a chothromú sa dara mír?

An bhfuil cóimheá nó coimhlint idir shaol poiblí agus saol príobháideach Mharcais de Grás?

Sa dráma seo ní dhéantar na radharcanna a scaradh óna chéile, ritheann siad ar aghaidh go díreach ó radharc go radharc. Tá go leor radharcanna gairide ann agus is féidir linn amharc orthu seo mar chuimhní, más mian linn, abair. Tugann an stíl seo scríbhneoireachta deis don scríbhneoir cuid mhór a chlúdach in achar gairid.

Stáitsiú: déantar an dráma seo a léiriú ar ardán atá lom don chuid is mó. Cén fáth? Ní luaitear ach tábla agus dhá chathaoir mar threalamh stáitse. An buntáiste nó dúshlán é seo ag na haisteoirí?

An féidir linn a rá go cinnte cá háit a dtarlaíonn an dráma seo ar fad?

Baineann an t-údar úsáid as:

Fuaimneanna: Bíonn an-éifeacht acu seo ag tús agus deireadh an dráma ach go háirithe.

Guthanna éagsúla: Cuireann a leithéid scaifí inár láthair. Cuireann sé an gnáthphobal in iúl chomh maith.

An t-iardhearcadh: Is féidir leis an údar an scéal a insint san ord is fearr a oireann don dráma.

D'oibrigh Máiréad Ní Ghráda sa chóras náisiúnta craolacháin in Éirinn. Ar imir drámaíocht teilifíse agus raidió aon tionchar, dar leat, ar struchtúr agus ar stáitsiú an dráma seo?

Cad é mar a bhraitheann an dráma seo?

Foréigean is cúis le trí bhás sa dráma seo (Marcas, a dheirfiúr óg agus An Ceannaire) ach an féidir linn traigéide a thabhairt ar an dráma seo?

An bhfuil greann ar bith sa dráma seo, aon rud a dhéanann blas an dráma a athrú, nó an bhfuil an chuma chéanna air síos tríd?

An mbíonn tionchar ar bith ag na ráitis bheaga a thagann ón scaifte ar chuma an dráma?

Ord eachtraíochta:

Déantar na príomhradharcanna a liostú thíos. Ach ós rud é go dtarlaíonn sé go dtéann radharc amháin go díreach isteach go radharc eile seans go mba mhaith leat iad a bhriseadh suas ar dhóigh eile agus a thuilleadh radharcanna a chur leis na liostaí seo. Déan do liostaí féin go bhfeice tú.

Mír a haon

Bás Mharcais.

Bás a dheirfiúr.

Cuireann sé a mháthair i dteach na mbocht.

Nóra agus Brian Ó Doinnlé.

An bheirt mhac, Seán agus Gearóid.

Marcas, Eilís agus an pholaitíocht.

Síle, Marcas agus Alabhaois – polaitíocht arís.

Mír a dó

An Tuairisceoir agus Alabhaois.

Cur síos ar Shíle.

Cur síos ar an tsochraid.

Marcas agus an Bhanaltra.

Eilís agus Síle.

Marcas agus mná.

An tiomna – Seán agus Nóra.

Sochraid, mná ag caint.

Marcas agus An Fear Eile.

Bás an Cheannaire.

Marcas Óg agus Peigí.

Radharc deiridh.

Na carachtair

Marcas de Grás:

An príomhcharachtar. Tá coimhlintí agus contrárthachtaí sa charachtar seo. Is polaiteoir mór le rá é, is breá le daoine é. Ach ní duine ceannasach é mar sin féin. Tá sé ag brath ar na daoine atá thart timpeall air. Tá clú an laoch air, ach níl aon bhunús leis seo. Meatachán atá ann, rud a léirigh sé le linn Chogadh na Saoirse.

Ar chóir dúinn fear óg soineanta a lochtú mar go raibh eagla air nuair a scaoileadh faoi is gur goineadh é? An é ba chúis le bás An Cheannaire? Cad iad na bréaga a d’inis sé? An raibh an locht air go ndearnadh laoch de agus gur chuir mná suim mhór ann?

Eilís, a bhean:

Is duine láidir í ar féidir léi tionchar a imirt ar dhaoine. Tuigeann sí cad é atá uaithe agus an dóigh le sin a fháil. Cinneann sí ar Mharcas a mhealladh ó Pheigí de Búrca agus éiríonn léi. Is den aicme cheannais í, níorbh ionann agus Marcas. Bhí carr aici nuair nach raibh a leithéid aige. Ach déanann sí é a roghnú agus déanann sí a shaol polaitiúil a eagrú. Tuigeann sí a bhfuil de bhuanna agus laigeachtaí ag Marcas. Oibríonn siad as lámha a chéile. Ise an duine atá i gceannas sa teaghlach. Ach tagann galar marfach uirthi. An bhfuil aifeála ar bith uirthi? Cad é an tuiscint a fhaigheann muid uirthi nuair a labhraíonn sí le Síle, rúnaí Mharcais?

An bheirt mhac, Seán agus Gearóid:

Tá siad seo éagsúil go maith óna chéile. Tá Seán sásta toil a athar a dhéanamh rud nach ndéanfaidh Gearóid a thuilleadh. Ó bhí siad ina ngasúir bhí ról acu i saol poiblí a n-athar. Ach cad é mar a réitíonn siad le Marcas? Cad é an chiall agus an tábhacht atá leis an fhocal ‘meatachán’? Cad é a tharla do Ghearóid ag an sorcas?

Nóra, a iníon:

40 bliain d’aois atá sí. Féach an cur síos a dhéanann Alabhaois uirthi agus é ag caint leis an Tuairisceoir ar lch 61-2³. Tá sí umhal agus dílis do Mharcas. Déan í a chur i gcomparáid lena máthair. Bhí Eilís saor a rogha fir a phósadh ach ní mór do Nóra cead Mharcais a lorg, rud nach dtugann sé di. Cad é a fhoghlaimíonn muid fá Mharcas sa chás seo? Agus fán tsochaí ina maireann siad? An ionann seo is a rá go bhfuil an aicme cheannais coimeádach, agus go raibh cás na mban níos measa sna 1960idí ná mar a bhí glúin roimhe sin?

Síle Ní Shúilleabháin, rúnaí Mharcais:

D’fhóirfeadh an cur síos a dhéanann Alabhaois ar Nóra go maith do Shíle chomh maith. Tá sise ag dul anonn sna blianta fosta. Tá sí umhal agus dílis do Mharcas chomh maith. Tá a saol caite aici ag obair ar a shon. An fíor a rá go bhfuil íomhá idéalach ina hintinn aici, is go bhfuil sí doirte ar Mharcas? An raibh riamh gaol de shaghas ar bith eile eatarthu, nó an raibh riamh aon seans go mbeadh?

An Bhanaltra:

³ Tagraítear do na leathanaigh de réir mar atá siad in eagrán 1996 (An Gúm)

Ní thugtar a hainm. Cén fáth? An duine óg neamhspleách í, nó an amhlaidh go raibh sí ann chun freastail ar riachtanais Mharcais? Ar chóir dúinn amharc uirthi mar dhuine de chuid na *swinging sixties*? Agus más amhlaidh, an bhfuil a cás a dhath ar bith níos fearr ná cás na mban eile?

Alabhaois:

Tá seisean i láthair ag tús agus ag deireadh an dráma. Tá sé i láthair nuair a fhaigheann Marcas agus An Ceannaire bás. Agus, níorbh ionann agus gach duine eile sa dráma, ní thagann aon athrú air. Is pearsa shíoraí é. Cuireann sé a leagan féin den scéal chun tosaigh agus glactar leis. *Spindocter* an t-ainm a bheadh againn ar a leithéid sa lá atá inniu ann nó comhairleoir meán. Ach tá níos mó ná sin i gceist le hAlabhaois. Gníomhaire atá ann chomh maith, is duine de na daoine sin a bhíonn ag oibriú na polaitíochta. Eisean a dhéanann an tsochraid a reáchtáil. Cé dó a bhfuil seisean ag obair i ndáiríre? An Páirtí? An gnáthphobal? An tír?

Tabhair fá deara nach dtuigeann muid i gceart an ról seo atá aige go deireadh an dráma nuair a fheiceann muid an dóigh ina ndéanann sé ról Mharcais i mbás An Cheannaire a láimhseáil. Cén fáth go ndéanann sé a leithéid, dar leat? An ag cosaint na cúise nó ag cur dallamullóg ar an phobal atá sé?

An ionann an ról atá aige sa dráma agus an ról atá aige sa pholaitíocht? Cad atá ar siúl aige? Is cosúil gur tábhachtaí leis an miotas ná an fhírinne. Is gur tábhachtaí an córas/an páirtí ná aon duine, ná an fhírinne féin.

Ní dhéanann seisean aon iarracht tabhairt ar Mharcas an fhírinne a aithint, níorbh ionann agus An Fear Eile.

Deir Eilís (lch 71) go ndéanann Alabhaois (agus daoine eile) Marcas a chosaint ar an saol. ‘Ní mór dó aige iad chun misneach a thabhairt dó agus chun féinmhuinín a chothú ann.’

An Fear Eile:

Carachtar an-spéisiúil. Cé hé i ndáiríre? Coinsias Mharcais? An gcuireann sé Spiorad na Nollag i scéal *A Christmas Carol* (scéal Scrooge) le Charles Dickens i gcumhne duit? Nó an aingeal ag geataí na bhFlaitheas é? An ndéantar é a chóimheá le Marcas? Nó le hAlabhaois? Cad é an éifeacht dhrámatúil atá aige mar charachtar?

An Ceannaire:

Eisean an ceannaire, an ceannaire a cailleadh. Is fíorlaoch cogaidh é ach cuirtear Marcas de Grás ina áit. Tagann polaiteoir i gcomharbacht ar an saighdiúir. An gcuireann sé ceannaire cailte i ré Chogadh na gCarad i gcumhne duit?

Peigí de Búrca:

Cailín tuaithe a thiteann i ngrá le Marcas óg, laoch, agus é ar a choimeád i dteach a muintire. Grá románsúil atá anseo. Ar chóir dúinn í a chur i gcomparáid leis An Bhanaltra, nó le hEilís, abair?

Tabhair fá deara go dtugann Marcas Óg ‘mo bhanaltra’ uirthi (lch 84-85).

Tabhair fá deara nach bhfuil sí umhal do Mharcas. Nuair a thréigeann sé í cuireann sí an dlí air agus éiríonn lena cás. Agus níorbh ionann agus Nóra, iníon Mharcais, briseann sí saor uaidh, pósann sí agus bíonn clann aici.

Brian Ó Doinnlé:

Fear óg atá ag siúl amach le Nóra. Is mian leis dul chun cinn a dhéanamh sa saol ach ní ghéillfidh sé do Mharcas. Duine óg neamhspleách atá ann.

Téamaí eile

An Pholaitíocht:

Is polaiteoir é Marcas de Grás. Níl an chuma air gur ábhar maith polaiteora a bhí ann. Ach tagann sé chun cinn mar gheall ar eachtra a tharla le linn Chogadh na Saoirse agus déanann a bhean chéile Eilís a bheatha a stiúradh. Éiríonn go maith leis i saol na polaitíochta. Ach ní ceannaire ó dhúchas é. Cad é an léiriú a thugann a chás dúinn ar an pholaitíocht? Cé atá ag rialú na tíre i ndáiríre? Agus é ag labhairt ag a shochraid deir Alabhaois go raibh de phribhléid aige aithne a bheith aige ar fhear ‘chomh hionraic, chomh huasal, chomh Gaelach’ le Marcas de Grás (lch 77). An mbaineann aon cheann de na haidiachtaí seo le Marcas i ndáiríre? Cén fáth go ndéanann Alabhaois é a mholadh ar an dóigh seo, mar sin? An bhfuil an fhírinne á nochtadh aige Alabhaois nuair a deir sé ‘tá a spiorad beo bríomhar inár measc i gcónaí’? An breithiúnas an ráiteas seo ar pholaitíocht na hÉireann?

Tugann Marcas cuid mhór geallúintí uaidh sna hóráidí toghchánaíochta aige (lch 41-2).

An iad seo na geallúintí céanna a thugann polaiteoirí uathu i gcónaí tráth toghcháin?

Tabhair fá deara go gcuirtear coinníoll leis na geallúintí seo – ‘gan cur isteach ar na feirmeoirí ná ar na siopadóirí,’ agus ‘mo vóta i gcónaí don pháirtí.’

Cén aicme lena mbaineann na feirmeoirí agus na siopadóirí?

Cad é an tábhacht a bhaineann leis an nath ‘agus mo vóta i gcónaí don pháirtí’?

Cad é a léiríonn sé seo fá chóras na polaitíochta? An mbíonn aon tionchar ag an teachta dála aonair ar pholasaithe an rialtais i ndáiríre?

